Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí

Comhairle Chontae Liatroma
Leitrim County Council

SLIGO COUNTY COUNCIL
COMHAIRLE CHONTAE SHLIGIGH

Greenway

# Glasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh (SLNCR)

## Comhairliúchán Poiblí Uimh. 3
An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

Dé Máirt, an 29 Aibreán 2025-Dé Máirt, an 27 Bealtaine 2025



TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

Department for Infrastructure
www.infrastructure-ni.gov.uk

SLIGO
OIFIG DEARTHA RÉIGIÚNACH.
REGIONAL DESIGN OFFICE

ARUP

## Réamhrá

Tá Comhairle Contae Liatroma, i gcomhar le Comhairle Contae Shligigh, Comhairle Contae an Chabháin agus le Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí, faoi choimirce Bhonneagar Iompar Éireann (TII) agus na Roinne Bonneagair (DfI), ag forbairt Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh.

Cuirfear Glasbhealach ar fáil sa Tionscadal seo ó Bhaile Shligigh go hInis Ceithleann, Contae Fhear Manach, trí Bhaile Easa Dara, Cúil Mhuine, Baile an Tóchair, Droim Dhá Thiar, Cluainín, Gleann Fearna, an Blaic, Béal Cú agus Leitir Bhruín ar an mbealach.

## An Gá Sonrach atá leis an Tionscadal

Teastaíonn Glasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh ar na cúiseanna a leanas: is gá áiseanna a chur ar fáil a ligeann do gach duine tabhairt faoi ghníomhaíocht choirp i dtimpeallacht shábháilte; is gá pobail tuaithe a cheangal trí úsáid a bhaint as modhanna inbhuanaithe le haghaidh turais ghearra, agus; is gá geilleagair agus pobail tuaithe a neartú agus feabhas á chur i gcomhthráth ar thaitneamhacht agus ar an oidhreacht.

Beidh radhairc áille ann feadh Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh agus cuirfear nasc straitéiseach ar fáil ann a bheidh scartha den chuid is mó ón trácht feithiclí agus cuirfear rogha fhairsing rudaí ar fáil d'úsáideoirí éagsúla le déanamh agus le feiceáil. Forbrófar go hinbhuanaithe é i gcomhar le pobail áitiúla agus cuirfidh sé fíorthairbhí ar fáil dóibh.

D'fhéadfaí cuid de Ghréasán Náisiúnta Raonta Rothar d'Éirinn TII, atá á fhorbairt faoi láthair, a dhéanamh de Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh, mar gheall go bhféadfaí é a nascadh le Glasbhealach Shligigh a bheartaítear ó Chúil Mhuine go Baile Eachaidh agus d'fhéadfaí bealach eile a sholáthar ina dhiaidh sin ó Bhealach Atlantach EuroVelo 1 agus ó Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Meallfaidh forbairt Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta teacht chomh fada leis an réigiún, fanacht ann agus dul ag spaisteoireacht ann. Tá radharc tíre álainn sna ceantair máguaird agus cuirtear deis ar fáil iontu d'úsáideoirí dul amach faoin dúlra agus tairbhe á baint acu ag an am céanna as gníomhaíocht taobh amuigh. Neartóidh sé acmhainn turasóireachta na gcontaetha trína ngabhfaidh an bealach agus cuirfidh sé deiseanna ar fáil chun tionscal áitiúil bunaithe ar an turasóireacht a fhorbairt sa cheantar.

## Cad atá ag Tarlú faoi Láthair?

Cheap Comhairle Contae Liatroma Arup le seirbhísí ildisciplíneacha innealtóireachta agus sainseirbhísí sainchomhairleoireachta eile a chur ar fáil. Rinneadh é sin chun an tionscadal a thabhairt tríd an bpróiseas pleanála sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann agus chun cáipéisí tairisceana a sholáthar chun an Glasbhealach a bheartaítear a thógáil i gcomhlíonadh Cháipéisí Treoirlínte Bainistíochta Tionscadal Bhonneagar Iompair Éireann (TII).

Tá Céim 2 – Rogha is Fearr Chéim 2 – Rogha a Roghnú, bainte amach ag an Tionscadal faoi láthair. Is é is cuspóir le Céim 2 féachaint ar roghanna chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an Rogha is Fearr. Scrúdaíodh gach rogha réasúnta / indéanta sa Chéad Chuid de Chéim 2, agus rinneadh a gcostais, a dtairbhí agus a n-éifeachtaí ar an gcomhshaol a mheas ar aon dul leis an bpróiseas a leagtar amach in Aonad 13.0 – Meastóireacht ar Mhodhanna Gníomhacha i dTreoirlínte TII maidir le Meastóireacht ar Thionscadail. Aithníodh an Chonair is Dealraithí a Roghnófar tar éis an mheasúnaithe seo agus cuirfear an tríú Comhairliúchán Poiblí ar siúl le páirtithe leasmhara agus an Pobal a chur ar an eolas ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar.

Beidh sonraí iomlána ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar ar fáil ar Shuíomh Gréasáin an Tionscadail (www.slncr-greenway.com) ó 9 r.n. Dé Máirt, an 29 Aibreán 2025.

Tabhair faoi deara go bhfuil leithead éagsúil ag an gConair is Dealraithí a Roghnófar (200m den chuid is mó), ach beidh leithead i bhfad níos lú ná an leithead seo sa dearadh deiridh don Ghlasbhealach a bheartaítear (thart ar 10m, den chuid is mó). D'fhéadfaí, dá réir, ailíniú an Ghlasbhealaigh a bheartaítear a éagsúlú gan stró. Déanfar é sin a fhiosrú níos mó i gCéim 3 – Dearadh agus Meastóireacht Comhshaoil.

### Limistéar Staidéir – Plean

Taispeántar ar na leathanaigh seo a leanas na conairí i gceithre stráice.



## Céimniú agus Amlíne an Tionscadail

### Céim 1
**Coincheap agus Indéantacht**
Shainaithníomar limistéar staidéir oiriúnach chun páirtithe leasmhara a spreagadh tabhairt faoi léarscáiliú srianta agus chun roghanna a fhorbairt agus a mheas.

- **Limistéar Staidéir agus Srianta**
- **Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1** Limistéar Staidéir agus Srianta
- Leibhéal Ceadaithe

R1 2023

### Céim 2
**Roghanna a Roghnú**
Sainaithneoimid na príomhshrianta ar fhorbairt an tionscadail agus forbróimid agus measúnóimid réitigh indéanta ar aon dul le cuspóirí an tionscadail chun an Chonair is Dealraithí a Roghnófar a roghnú.

- **Rogha a Roghnú**
- **Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2** Roghanna a Bheartaítear
- Comhairliúchán le hÚinéirí Talún
- **Roghnú na Conaire is Dealraithí a Roghnófar**
- **Comhairliúchán Poiblí Uimh. 3** An Chonair is Dealraithí a Roghnófar
- Leibhéal Ceadaithe

R4 2023

R2 2025



Tá tú anseo

### Céim 3
**Dearadh agus Meastóireacht Comhshaoil**
Beidh dóthain sonraí ar fáil nuair a bheidh dearadh an réitigh is dealraithí a roghnófar á fhorbairt leis na riachtanais tógála talún a dheimhniú agus chun tabhairt faoi mheastóireacht comhshaoil chun tionchair a shainaithint agus a mhaolú.

- **Dearadh** | **Meastóireacht Comhshaoil**
- Comhairliúchán le hÚinéirí Talún
- Leibhéal Ceadaithe

2025/26

### Céim 4
**Próisis Reachtúla**
Cuirfimid an tionscadal chun cinn trí na Próisis Reachtúla lena chinntiú go ndéanfar an tionscadal a fhorbairt i gcomhréir leis an reachtaíocht maidir le pleanáil agus leis an gcomhshaol agus le reachtaíocht ábhartha eile.

- **Iarratais Pleanála**
- Próisis Reachtúla
- **Cinneadh**
- Leibhéal Ceadaithe

2027

### Céim 5 agus 6
**Cumasú agus Soláthar**
**Tógáil agus Cur i bhFeidhm**
Beidh cead pleanála agus cistiú ag teastáil ó Chéimeanna 5 agus 6 chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal.

- **Cumasú agus Soláthar**
- **Tógáil agus Cur i bhFeidhm**

Le deimhniú



BALLYSADARE
Baile Easa Dara
COLLOONEY
Cúil Mhuine
Ballygawley
Baile Uí Dhálaigh
Union Wood Trails
Sligo Way
Ballygawley Lough
Slieve Dargan
Slieve Daeane
Lough Dagee
Lough Lumman
Castledargan
Arnasbrack
Killeenduff
Ballydawley
Union
Belladrihid
Glennagoolagh
Drumaskibbole
Drumaskibbole Cross Rds
Carrownamaddoo
Lough Nameenbrack
Aghamore
Aghamore Bay
Green Isd.
Hawk Isd.
Stony Pt
Tobernalt Bay
Nut Pt
Bernard's Isd.
Lough Gill Cycle Loop
Cleaveragh Demesne
Racecourse
Garvoge River
Carns
Tullynagracken
Cuilbeg
Carrickhenry
Carrowgobbadagh
Tonafortes
Knocknashammer
Cloverhill Lough
Carrowroe
Ballyfree
Caltragh
Carrowmore
Derrydarragh
Carrowmore Megalithic Tomb Cemetery
Clock Well Cross Rds
Grange East
Slieveroe
Ballybeg
Primrosegrange
Redgate Cross Rds
Graigue
Knocknahur
Cnoc na hIora
Templebree
Breeog
Carrowkeel
Beanfield
Brughmore
Inishmore
Kilmacowen
Punchbowl Lough
Pollanine
Abbeytown
Kilboglashy
Corhawnagh
Corhawnagh Lough
Cooney Lough
Cooney
Knoxspark
Slieveward
Largan
Lugnamackan
Carricknagat
Ardcotten
Kilnamanagh
Disused Railway
Moated Site
Owenmore River
Knockbeg
Toberbride
Mullaghnabreena
Knockmullin
Toberscanavan
Toberscanavan Loughs
Carrigeensallagh
Cloonamahan
Lissaneena
Ardcurley
Unshin River
Markree Demesne
Cooperhill
Gobbadagh
Knockrawer
Cloghfin
Cloghfin Lough
Knockroe
Dowrea
Sooey
Killala
Gaddan
Cartronduffy
Doonally
Tully Beg
Tully More
Clooneenroe
Ballygrania
Rathrippin
Souterrain
Cloonmacduff
Doonamurray
Carrowcrin
Knockatober
Falnashammer
Lough Dargan
Monastic Site
Megalithic Tomb
Castle
Church
Cairn
Crannóg
Barrow
Barrows
Abbey
N4
N17
N59
R284
R287
R290
R292

## Limistéar Staidéir – Plean

## An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

### Bileog 1 as 4

Beidh sonraí iomlána ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail (www.slncr-greenway.com) ó 9 r.n. Dé Máirt, an 29 Aibreán 2025.





Sramore
Megalithic Tomb
The Doons
Fawnlion
Leean Mountain
Cairns
Conray
Tawnymoyle
Kinnara Glebe
Ballynaboll
Fawnarry
Shanvaus
An Seanmhás
R286
Carrickfad
Curraghan
Moreragh
Gortnaskeagh
Polboy
Srabrick
Killenna Glebe
Benbo
Beanna Bó
Black Lough
Cairn
Doonkelly
Doon Lough
Leckaun
An Leacán
R278
Fivemilebourne
Carrton
Newtownmanor
Magurk
Lugalustran
Banagher
Aghameelta Barr
Cloonaquin
Kilmore
Doonmorgan
Cornalaghta
Cloonaquin Lough
Boihy
R288
Moneyduff
Rubbal
Corryculien
Carrigeencor
Sriff
Lough Anarry
Eulacht Fia
Ford
Bonet River
An Bhuanaid
Greenaun
Corrudda
Carrigeencor Lough
Gortgarrigan
Crannóg
Stonepark
Kilcoosy
R280
Mullagh
Aghameelta
Fawn
Lough Nahoo
Creevelea Friary
Dromahair
Droim Dhá Thiar
PO
R287
Conaghil
Darkvalley
Skeanada Br.
Tawnyhoosy
Tullycreevy
Sheskin
Drumlease
Killaleen Lough
Socknalougher
Sleveen
Ardakip Beg
Ardakip More
Killaler
Sranacrannaghy
Corratawy
Gortnacorkoge
Fenagh
Curry
Sweat House
Church
Orcuscorny
Drummury
Killarga
Cill Fhearga
Blackgardens
Edergole
R287
Sweat House
Gortatresk
Carrickeghil
Tully
Cleen
R289
Kilcoon
Ardvarney
Cashel
Carrickmurray
Cornamarve
Round Hill
Tully Hill
Geskanagh Glebe
Leamaskally
Killanummery
Flughanagh
Drumillion
Killeen
Drumconor
Annagh
Castle
Drumany Glebe




Teorainneacha Contae
Teorainn Limistéar an Staidéir
Conair Bhuí - Céim 1
Conair Mhaigeanta trí Choill na hInneona - Céim 1
An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

**Eochair Eolais**

- Teorainneacha Contae
- Teorainn Limistéar an Staidéir
- Conair Bhuí - Céim 1
- Conair Mhaigeanta trí Choill na hInneona - Céim 1
- An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

## Limistéar Staidéir – Plean

## An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

Bileog 2 as 4

Beidh sonraí iomlána ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail (www.slncr-greenway.com) ó 9 r.n. Dé Máirt, an 29 Aibreán 2025.




## Limistéar Staidéir – Plean

An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

Bileog 3 as 4

Beidh sonraí iomlána ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail (www.slncr-greenway.com) ó 9 r.n. Dé Máirt, an 29 Aibreán 2025.

**Eochair Eolais**

- Teorainneacha Contae
- Teorainn Limistéar an Staidéir
- Conair Bhuí - Céim 1
- Conair Mhaigeanta trí Choill na hInneona - Céim 1
- An Chonair is Dealraithí a Roghnófar



Tullyleagan
Tullygarran
Tullintuckry
Tullyveeny
Ora More
Stony Hill
Cloghanagcecha
Black Rocks
Brimstone Rock
Stable Park
Ford
Lough Ora
Tullylanagan
Carrickoabrock
Lough Blockeni
Cave
Waterfalls
Waterfall
Dooletter Lough
Rath
Coasan
Tullinamohoge
Spa Well
Tievebane
Ora Beg
Carrickanean
Killyphort
Masanaghran
Carricknamaddoge
Tullybrack
Standing Stones
Landing Places
Tullynacoy
186
159
Cashelbane Waterfalls
Carrickduff
Skeoge
Mullan
Pollagaddy
Lough Hamul
Refuse Tip
Cloghbrack
Garrow or Buck Islands
Braneen
Drumelly Rocks
Cloghroga
Legacurragh
Gubananiffa
Mullyard
142
Mullylusty
Gardenhill
Cave
Killeen
Aghavass
Cashel (remains of)
Rosscorkey Island
Upper Lough Macnean
Copse Point
Port Island
Megalithic Tomb
B52
Holywell
Lurgan River
Gardenhill
Fox Park
Drumman
112
Tuam Island
Rushun
Templerushin
Danesfort
Rath
Aughrim Hill
Mound
Sweat House
Leck
Teemore
Kilrooscagh Island
62
Standing Stone
91
Belcoo
Aughrim
153
Megalithic Tomb
Port
Gortaquill
136 Loughan
Mullaghahy
Templenaffrin
Cranogg
White Fathers Cave
Bullaun Stone
Tuam
72
Belcoo R
Jetties
Belcoo Bridge
The Cottage
Church
Garage
Thornhill or Mullandreenagh
Holy Well
N16
Blacklion
Tuam
63
Corry Point
Lower Lough Macnean
Inishee Island
Mound
Cushrush Island
Termon
R206
Kiltaglassan
Sweat House
Kinnabo
Ture
Mullaghbane
Rath
B195
Cranogg
Marlbank Wood
Ganliss
Rath
Mucklagh
Nature Reserve
Gortatole Outdoor Educational Centre
Cloghoge (Large Stone)
179
Corratirrim
Cavan Way
Cashel
275
243
Legnaveagh
Gortnalug
Cullentragh
Rath
Cashel
Hanging Rock
Knocknalaffina
Gortatole Cross
Tullygobban Lough
Giants Leap
Cashel
Cloghan Hill
Marlbank
Kingfisher Cycle Trail
Megalithic Tombs
Cashel
Clyhannagh
255
Megalithic Tomb
St Lasser's Well
The Fossa
Cavanreagh
Holy Well
The Ulster Way
223
Megalithic Tomb
Monergashel
Sweat House
Legeelan
Legalough
Gortaree
Hut Site
Megalithic Tomb
253
Mancagh Upper
Legaluugh
Rath
Church (in ruins)
Crossmurrin
Crossmurrin National Nature Reserve
Cascades
Marble Arch
National Nature Reserve
Marble Arch Global Geopark Visitors Centre
Tawnymakelly
Barrow
202
Megalithic Tomb
Kilnameel
Killykeeghan National Nature Reserve
Tullyballina
Caves
Sweat House
Garvagh Lough
Manragh Lower
Leovagh Stream
Cashel
Tullynabeisk
Cashel
Cats Hole
Cradle Hole
Legnabrocky Rock
Gowlan
Megalithic Tomb
Megalithic Tomb
Duckfield
Tullysheskin
233
Caves
Pollnagollum
202
Tullyneevin
Pollreagh
Sink Hole
Cave
Pollawaddy
Mullaghboy
Skeagh
Megalithic Tomb
135
Cavan Way
Killykeeghan
33
Shannon Pot
Edenmore
Tullyard
Swallow
Caves


Boho Caves
Boho
Standing Stone
Cashel
Souterrain
Cave
Caves
Ford
Cross
Pollnagollum Cave
Coolarkan
Quarry
Gortgall
Fire Tower
Belmore Forest
Belmore Forest
BELMORE MOUNTAIN
398
Lough Nagor
Moylehid
Culliagh
Giant's Grave
Tonlisderritt
Drumhurk
Drumboy
Kilmore
Aughrim
Samsonagh Wood
Kilmore Wood
Sillees Forest
Samsonagh
Kilamaddoo Wood
Aughlish Lough
Thompson's Bridge
Killycat Bridge
Sillees River
Moybane
Moybrone
Gortadrehid
Leam Beg
Coolyermer Lough
Coolyermer Wood
Hall
Rifle Range
Skreen
Glencunny Woods
Lisbofin House
Letterbreen
Oakfield
Derryscobe
Chambered Grave
Gortahurk West
Crockannaul
Cashel
Cave
Rahallan
Drumsillagh
Lanaghran
Cleggan
Holy Wells
Knocknafadeela
Drumaran
Drumharriff
A4
Trillick
Cloonaveel
dismantled railway
Corrateskin
Drumcoigny
Derreens West
Sluice
Cushrisheen
Aghcurragh
Drumlaghy Island
Corraglass
Sillees Wood
Rossmacawinny
Sand Pit
Blunnick
Brockagh
Gorteen
Blunnick Cross
Brockagh Bridge
Derreens East
Derryhowlaght West
A32
The Ulster Way
Holy Well
Monea
Cladagh River
Cladagh Bridge
Correen
Gortermoan
Lisblake
Croaghrim
CROAGHRIM HILL
Knockageehan
Skreen Rock
SKREEN HILL
Marble Arch Caves Global Geopark Visitors Centre
Rattling Hole
Wheathill
Wheathill Rock
Drummoan
Drumoghill
Tattenamona
Garage
Gortnagriffin
Holy Well
Greentown
Sch
Drumlaghy
Drumanacabb
Cave
Gortmaconnell Rock
Pollnagollum
Polldownlog
Pollasumera
Rattling Hole
Carricknacoppan
Brookfield
Cave
Swallow Holes
Swallow Holes
Cuilcagh Way / Ulster Way
Florence Court Forest
Florence Court
Rectory
Kingfisher Cycle Trail




## Limistéar Staidéir – Plean

An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

Bileog 4 as 4

Beidh sonraí iomlána ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail (www.slncr-greenway.com) ó 9 r.n. Dé Máirt, an 29 Aibreán 2025.

**Eochair Eolais**

- Teorainneacha Contae
- Teorainn Limistéar an Staidéir
- Conair Bhuí - Céim 1
- Conair Mhaigeanta trí Choill na hInneona - Céim 1
- An Chonair is Dealraithí a Roghnófar

## Comhairliúchán Poiblí

Cuid thábhachtach den phróiseas dearaidh a chur chun cinn i dtreo roghanna bealaigh a fhorbairt is ea comhairliúchán poiblí agus ligeann sé don phobal páirt a ghlacadh sna srianta agus sna deiseanna is mó a shainaithint.

Tá sé beartaithe an Tríú Comhairliúchán Poiblí a chur ar siúl idir 9 r.n. **Dé Máirt, an 29 Aibreán agus 5 i.n. Dé Máirt, an 27 Bealtaine 2025.** Cuirfear na páirtithe leasmhara ar an eolas ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar ag an Tríú Comhairliúchán Poiblí. Beidh Oifigigh Idirchaidrimh an Tionscadail agus Foireann an Tionscadail ar fáil le heolas a chur ar fáil ar an gConair is Dealraithí a Roghnófar agus ar conas a roghnaíodh í. Cuireann sé ar chumas páirtithe leasmhara freisin aiseolas a thabhairt ar an gconair a bheartaítear, agus buarthaí agus deiseanna a thabhairt chun solais.

Beidh an comhairliúchán seo á chur ar bun ar líne trí Shuíomh Gréasáin ár dTionscadail, **www.slncr-greenway.com**, áit a bhfuil an t-eolas go léir a thaispeánfar ag na himeachtaí comhairliúcháin phoiblí ar féidir le daoine freastal orthu. Cuirtear léarscáil idirghníomhach ar fáil anseo freisin ar a dtaispeánfar an Limistéar Staidéir, Srianta Chéim 1, Roghanna Conaire Chéim 2 agus an Chonair is Dealraithí a Roghnófar. Tá mír cheisteanna coitianta agus leathanach aiseolais chun tuairimí nó ceisteanna a sheoladh ar aghaidh ar shuíomh gréasáin an Tionscadail chomh maith.

### Cuirfimid na laethanta oscailte nó na himeachtaí seo a leanas ar bun freisin ar féidir le daoine freastal orthu:

#### Comhairliúchán Poiblí 1: Sligeach

**An 6 Bealtaine 2025**
12:00-20:00

**Óstán agus Club Fóillíochta Sligo Park**
Páirc an Phiarsaigh
Co. Shligigh
F91Y762

#### Comhairliúchán Poiblí 2: Liatroim

**An 7 Bealtaine 2025**
12:00-20:00

**Leabharlann Bhrainse Dhroim Dhá Thiar**
An Phríomhshráid
Droim Dhá Thiar
Co. Liatroma, F91 YF6E

#### Comhairliúchán Poiblí 3: Fear Manach

**An 8 Bealtaine 2025**
12:00-20:00

**Ionad Pobail Bhéal Cú**
68 Bóthar Lattone
An Goirtín
Co. Fhear Manach
BT93 4EA

### Tá cruachóipeanna de bhróisiúir agus de bhileoga tuairimí ar fáil lena mbailiú ó

**Chomhairle Contae Liatroma.**
Leabharlann Bhrainse Chluainín, An Phríomhshráid, Cluainín, Co. Liatroma. F91 C862

**Comhairle Contae an Chabháin**
Teach Cúirte an Chabháin, Sráid Fhearnáin, Fearann na Mainistreach, An Cabhán. H12 R6V2

**Comhairle Contae Liatroma**
Leabharlann Bhrainse Dhroim Dhá Thiar, An Phríomhshráid, Droim Dhá Thiar, Co. Liatroma. F91 YF6E

**Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí**
Áras an Chontae, 15 Sráid an Droichid Thoir, Inis Ceithleann, Fear Manach. BT74 7BW

**Comhairle Contae Shligigh**
Áras an Chontae, Cois Abhann, Sligeach. F91 Y763

www.slncr-greenway.com

**Is féidir bileoga tuairimí a sheoladh tríd an leathanach aiseolais 'Déan Teagmháil Linn' ar shuíomh gréasáin an tionscadail nó le casadh an phoist chuig ceann de na seoltaí seo a leanas:**

**Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh, Oifig Deartha Réigiún Shligigh,** Comhairle Contae Shligigh, Aonad 1, An Claífort, Sráid an Chaisleáin, Sligeach, F91 E4XY, Saorphost FSG7627

**Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh, Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí**, Áras an Chontae, 15 Sráid an Droichid Thoir, Inis Ceithleann, Fear Manach, BT74 7BW.

**Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus na gContaetha Thuaidh, Comhairle Contae Liatroma**, Áras an Chontae, Ardán San Seoirse, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, N41 PF67, Saorphost LM7412.

**Tabhair faoi deara gur cheart seoladh Chomhairle Contae Liatroma thuas a úsáid d'aighneachtaí a bhaineann le Contae an Chabháin.**

Is é an dáta deiridh a bheifear ag glacadh le haighneachtaí

**5 i.n. Dé Máirt, an 27 Bealtaine 2025**